

Gníomhaíocht Theanga na Bunscoile

Ceapadh an acmhainn seo agus í bunaithe ar fhíseán Sheachtain Food Dudes, leibhéal sóisearach, lá 2. Nascann an acmhainn seo le curaclam Theanga na Bunscoile le haghaidh grúpaí ranga sna Naíonáin Shóisearacha, na Naíonáin Shinsearacha agus Rang a hAon.

Teachtairacht an Fhíseáin:

Fásann torthaí agus glasraí in áiteanna difriúla. Cuireann siad cothaithe dhifriúla ar fáil a choinníonn folláin muid ar bhealaí difriúla.

Nascann an ghníomhaíocht seo leis na réimsí curaclaim a leanas:

Teanga na Bunscoile > Scríbhneoireacht > Litriú agus staidéar ar fhocail

Na Príomhthorthaí Foghlama:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

- ✓ A bheith feasach ar thábhacht bia le haghaidh fáis is forbartha
- ✓ Roinnt cáilíochtaí agus aicmí bia a phlé agus a iniúchadh
- ✓ A thuiscint go bhfuil cothromaíocht, rialtacht agus measarthacht riachtanach sa réim bia
- ✓ Litreacha a aithint, a ainmniú agus a fhuaimniú chun buille faoi thuairim a thabhairt faoi litriú focail
- ✓ Úsáid a bhaint as stór focal agus frásaí ó bhéal a éiríonn níos sofaisticiúla de réir a chéile, ina measc teanga a bhaineann le téacs agus le topaic agus teanga a bhaineann go sonrach le hábhar ar leith
- ✓ Spéis agus comhaird a léiriú, agus éisteacht go gníomhach ar mhaithe le spraoi agus cúiseanna faoi leith

Treoirínnte don Mhúinteoir:

Ag teastáil:

- ✓ Páipéar
- ✓ Pinn luaidhe
- ✓ Pinn luaidhe dhaite, Péinteanna, Cailceanna nó aon bhealach eile le dathanna a dhéanamh



Dé Máirt | Lá a Dó

Na Naíonáin Shóisearacha, na Naíonáin
Shinsearacha agus Rang a hAon

Modh:

Na Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha

- ✓ Míneigh an tábhacht a bhaineann le cothaithe a fháil ónár mbia, agus an chaoi a mbíonn cothaithe dhifriúla i dtorthaí agus glasraí difriúla a chabhraíonn lenár gcolainn fás, fanacht folláin agus fuinneamh a thabhairt dúinn.
- ✓ Iarr ceisteanna orthu. Cuir an páiste ag smaoineamh, seachas na freagraí a insint dóibh ón tús.
- ✓ Taispeáin roinnt pictiúr do do dhaltá de thorthaí agus glasraí a bhíonn lán le cothaithe trí shamplaí úra nó grianghraif ar an gclár bán. Iarr orthu roinnt torthaí agus glasraí a tharraingt. Scríobh a n-ainmneacha ar an gclár.
- ✓ Míneigh go bhfásann torthaí agus glasraí difriúla ar chrainn, ar sceacha agus faoin talamh.
- ✓ Iarr ar na daltaí pictiúir de chrann, de sceach, agus den talamh a shainaithint, agus pictiúir a tharraingt de gach ceann. Scríobh na focail ar an gclár le haghaidh gach ceann.
- ✓ Míneigh go bhfuil sé tábhachtach “Bogha Ceatha a lthe” gach lá as rogha torthaí agus glasraí chun cabhrú linn fanacht aclaí agus folláin.

Rang a hAon

- ✓ Míneigh an tábhacht a bhaineann le cothaithe a fháil ónár mbia, agus an chaoi a mbíonn cothaithe dhifriúla i dtorthaí agus glasraí difriúla a chabhraíonn lenár gcolainn fás, fanacht folláin agus fuinneamh a thabhairt dúinn.
- ✓ Iarr ceisteanna orthu. Cuir na páistí ag smaoineamh, seachas na freagraí a insint dóibh ón tús.
- ✓ Taispeáin roinnt pictiúr do do dhaltá de thorthaí agus glasraí a bhíonn lán le cothaithe trí shamplaí úra nó grianghraif ar an gclár bán.
- ✓ Mar shampla, bíonn neart Vitimín A i gcairéid, rud a chabhraíonn le radharc na súl, an craiceann, an córas imdhíonachta, agus a chosnaíonn muid ar ionfhabhtuithe.
- ✓ Bíonn neart Vitimíní B i mbrocaílí, rud a chabhraíonn linn fuinneamh a fháil ón mbia a ithimid.
- ✓ Bíonn Vitimín C go leor i bpiobair agus i dtorthaí citris, rud a d’fhéadfadh cabhrú le do cholainn troid in aghaidh ionfhabhtuithe. Mar shampla, má bhíonn slaghdán ort, féadann Vitimín C cabhrú leis an tréimhse a mbeidh tú tinn a ghiorrú.
- ✓ Úsáid an bhileog oibre thíos, agus iarr ar na daltaí ainm gach toraidh/glasra a scríobh faoi na pictiúir agus iad a dhathú isteach.
- ✓ Míneigh go bhfásann torthaí agus glasraí difriúla ar chrainn, ar sceacha agus faoin talamh.
- ✓ Iarr ar na daltaí pictiúir de chrann, de sceach, agus den talamh a shainaithint, agus na focail a scríobh faoi bhun na pictiúir.
- ✓ Míneigh go bhfuil sé tábhachtach “Bogha Ceatha a lthe” gach lá as rogha torthaí agus glasraí chun cabhrú linn fanacht aclaí agus folláin.





Dé Máirt | Lá a Dó

Na Naíonáin Shóisearacha, na Naíonáin
Shinsearacha agus Rang a hAon








Seachtain Food Dudes

Uitimín A



Uitimín B



An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara
Department of Agriculture,
Food and the Marine



With financial support
from the European Union


Dé Máirt | Lá a Dó


Na Naíonáin Shóisearacha, na Naíonáin
Shinsearacha agus Rang a hAon


**food
dudes**


Seachtain Food Dudes

Uitimín C























An Roinn Talmhaíochta,
Bia agus Mara
Department of Agriculture,
Food and the Marine



With financial support
from the European Union